# Daonáireamh 2002

# Imleabhar 3

# Comhdhéanamh Líon Tí agus Aonaid Teaghlaigh

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Le ceannach ón:

Príomh –Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh.

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2,

Nó trí aon díoltóir leabhar

Prn 807 Praghas €15 Lúnasa 2003

© Rialtas na hÉireann 2003

An t-ábhar curtha le chéile agus curtha i láthair
As an bPríomhoifig  Staidrimh

Is féider cóipeanna a dhéanamh den ábhar seo ach amháin i gcás tráchtála
Chomh fada agus go mbíonn an fhoinse luaite

ISBN 0-7557-1516-0

# Clár

## Sonraí Ginearálta


| | Lch. |
|---|---|
| Réamhrá | 7 |
| Clúdach an Daonáirimh | 7 |
| Stiúradh an Daonáirimh | 7 |
| Torthaí a Chur le Chéile | 7 |
| Torthaí a Fhoilsiú | 8 |


## Táblaí


| Uimhir an tábla | | leathanach |
|---|---|---|
| 1 | Méid na líonta príobháideacha tí agus an méid daoine i ngach Cúige, Contae agus Cathair rangaithe de réir cineáil lín tí | 11 |
| 2 | Daoine i líonta príobháideacha tí, méid na líonta príobháideacha tí agus meán-méid daoine i ngach líon príobháideach tí sa Bhaile Iomlán agus i gCeantair Iomlána Tuaithe de gach Cúige, Contae agus Cathair | 12 |
| 3 | Méid na líonta príobháideacha tí rangaithe de réir déantúis agus méide | 13 |
| 4 | Líonta príobháideacha tí i ngach Cúige, Contae agus Cathair rangaithe de réir déantúis agus méide | 14 |
| 5 | Líonta príobháideacha tí rangaithe de réir déantúis agus méide agus de réir cineáil dúiche | 28 |
| 6 | Daoine i líonta príobháideacha tí rangaithe de réir déantúis agus méide an lín tí agus de réir cineáil dúiche | 30 |
| 7 | Líonta príobháideacha tí rangaithe de réir déantúis agus méide agus méid na ndaoine iontu atá faoi 5 bliana d’aois | 32 |
| 8 | Líonta príobháideacha tí rangaithe de réir déantúis agus méide agus méid na ndaoine iontu atá faoi 15 bliana d’aois | 34 |
| 9 | Líonta príobháideacha tí rangaithe de réir déantúis agus méide agus méid na ndaoine iontu atá 65 bliana agus ós a chionn | 36 |
| 10 | Líonta príobháideacha tí le fear mar dhuine tagartha rangaithe de réir déantúis agus méide an lín tí agus de réir aoisghrúpa an duine thagartha | 38 |
| 11 | Líon príobháideach tí le bean mar dhuine tagartha rangaithe de réir déantúis agus méide an lín tí agus de réir aoisghrúpa an duine thagartha | 40 |
| 12 | Líonta príobháideacha tí rangaithe de réir déantúis agus méide agus de réir gnéis agus stádais phósta an duine thagartha | 42 |
| 13 | Líonta príobháideacha tí agus daoine i líonta príobháideacha tí rangaithe de réir gnéis, stádais phósta agus aoisghrúpa an duine thagartha | 44 |
| 14 | Daoine, fir agus mná atá 65 bliana d’aois agus ós a chionn i ngach Cúige, Contae agus Cathair, le béim faoi leith ar méid agus céatadán na ndaoine atá ina gcónaí ina n-aonair i líonta príobháideacha tí | 45 |
| 15 | Daoine, fir agus mná atá 70 bliana d’aois agus ós a chionn i ngach Cúige, Contae agus Cathair, le béim faoi leith ar méid agus céatadán na ndaoine atá ina gcónaí ina n-aonair i líonta príobháideacha tí | 46 |

| Uimhir an tábla | | leathanach |
|---|---|---|
| 16 | Líonta príobháideacha tí le daoine atá 18 agus faoi i ngach Cúige, Contae agus Cathair | 47 |
| 17 | Líonta príobháideacha tí i ngach baile le daonra de 1,500 nó níos mó rangaithe de réir déantúis | 48 |
| 18 | Daoine i líonta príobháideacha tí i ngach baile le daonra de 1,500 nó níos mó rangaithe de réir déantúis | 52 |
| | **Cuid II – Líonta Príobháideacha Tí in Aonaid Bhuana Tithíochta** | |
| 19 | Meán-méid daoine i ngach líon príobháideach tí in aonaid bhuana tithíochta sa Bhaile Iomlán agus i gCeantair Iomlána Tuaithe i ngach Cúige, Contae agus Cathair, 1946 go 2002 | 58 |
| 20 | Daoine  i líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta, méid na líonta príobháideacha tí agus meán-méid daoine i ngach líon príobháideach tí sa Bhaile Iomlán agus i gCeantair Iomlána Tuaithe i ngach Cúige, Contae agus Cathair | 60 |
| 21 | Méid líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta réir déantúis agus méide | 61 |
| 22 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta i ngach Cúige, Contae agus Cathair rangaithe de réir déantúis agus méide | 62 |
| 23 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta rangaithe de réir déantúis agus méide agus de réir cineáil dúiche | 76 |
| 24 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta le fear mar dhuine tagartha rangaithe de réir déantúis agus méide an lín tí agus de réir aoisghrúpa an duine thagartha | 78 |
| 25 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta le bean mar dhuine tagartha rangaithe de réir déantúis agus méide an lín tí agus de réir aoisghrúpa an duine thagartha | 80 |
| 26 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta rangaithe de réir déantúis agus méide agus de réir stádais phósta an duine thagartha | 82 |
| 27 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta de réir déantúis agus méide agus méid na ndaoine iontu atá faoi 5 bliana d'aois | 84 |
| 28 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta de réir déantúis agus méide agus méid na ndaoine iontu atá faoi 15 bliana d'aois | 86 |
| 29 | Líonta príobháideacha tí in aonaid bhuana tithíochta de réir déantúis agus méide agus méid na ndaoine iontu atá 65 bliana agus ós a chionn | 88 |
| | **Cuid III – Líonta Príobháideacha Tí in Aonaid Sealadacha Tithíochta** | |
| 30 | Líonta príobháideacha tí in aonaid sealadacha tithíochta rangaithe de réir déantúis agus méide agus daoine faoi leith atá faoi 5 bliana, faoi 15 agus atá 65 bliana d'aois agus ós a chionn | 92 |
| 31 | Líonta príobháideacha tí in aonaid sealadacha tithíochta rangaithe i ngach Cúige, Contae agus Cathair rangaithe de réir déantúis agus méide | 94 |
| 32 | Daoine i Líonta príobháideacha tí in aonaid sealadacha tithíochta rangaithe i ngach Cúige, Contae agus Cathair rangaithe de réir déantúis agus méide | |

| Uimhir an tábla | | leathanach |
|---|---|---|

## Cuid IV – Aonaid Teaghlaigh

| | | |
|---|---|---|
| 33 | Daoine i líonta príobháideacha tí, idirdhealú déanta idir líonta tí ina bhfuil teaghlach i gceist agus líonta tí nach bhfuil teaghlach i gceist, rangaithe de réir áite san aonad teaghlaigh agus de réir aoise, gnéis agus stádais phósta | 100 |
| 34 | Aonaid teaghlaigh i líonta príobháideacha tí rangaithe de réir timthrialla teaghlaigh (aois an pháiste is óige) agus méid na bpáistí | 105 |
| 35 | Aonaid teaghlaigh i líonta príobháideacha tí rangaithe de réir timthrialla teaghlaigh (aois an pháiste is sine) agus méid na bpáistí | 106 |
| 36 | Aonaid teaghlaigh le páiste amháin i líonta príobháideacha tí, rangaithe de réir cineáil an aonaid teaghlaigh agus aoisghrúpa an pháiste | 107 |
| 37 | Aonaid teaghlaigh le beirt pháiste nó níos mó i líonta príobháideacha tí, rangaithe de réir cineáil an aonaid teaghlaigh agus aoisghrúpa an pháiste is óige agus aoisghrúpa an pháiste is sine | 107 |
| 38 | Aonaid teaghlaigh i líonta príobháideacha tí, rangaithe de réir cineáil agus méid an lín tí agus de réir cineáil agus méid an aonaid teaghlaigh | 108 |
| 39A | Mná céile agus máithreacha aonair in aonaid teaghlaigh i líonta príobháideacha tí rangaithe de réir aoise, méid na bpáistí san aonad teaghlaigh agus de réir aoise an pháiste is óige | 109 |
| 39B | Fir chéile agus aithreacha aonair in aonaid teaghlaigh i líonta príobháideacha tí rangaithe de réir aoise, méid na bpáistí san aonad teaghlaigh agus de réir aoise an pháiste is óige | 110 |
| 40 | Aonaid teaghlaigh i líonta príobháideacha tí ina bhfuil fir chéile agus mná céile (nó lánúineacha) le nó gan páistí, rangaithe de réis aoise an fhir chéile, méid na bpáistí (ag aois ar bith) agus aois na mná céile i gcoibhneas aoise an fhir chéile | 111 |
| 41 | Aonaid teaghlaigh i líonta príobháideacha tí i ngach baile le daonra de 1,500 nó níos mó rangaithe de réir cineáil an aonaid teaghlaigh | 113 |

## Aguisíní

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Ceistiúchán an Daonáirimh 2002 | 118 |
| 2 | Sainmhíniúcháin | 131 |
| 3 | Sceideal Foilseacháin Daonáirimh 2002 | 133 |

# Sonraí Ginearálta

## Réamhrá

Bhí Daonáireamh ann oíche Dé Domhnaigh, 28 Aibreán 2002, faoin Ord Staidrimh (Daonáireamh) 2001 (I.R. Uimhir. 491 de 2001).

Tá an tríú imleabhar seo den mhionthuairisc daonáirimh roinnte i gceithre chuid. Sa chéad trí chuid déantar anailís ar dhéantús lín tí i gcomhthéasc (a) líonta tí príobháideacha ar fad; (b) líonta tí príobháideacha in aonaid bhuan tithíochta; agus (c) líonta tí príobháideacha in aonaid sealadacha tithíochta. Baineann an chuid deireanach le haonaid teaghlaigh agus le timthriall teaghlaigh. Baintear úsáid sa tuairisc seo as na rannta críche éagsúla a bhí i bhfeidhm ag dáta Daonáirimh 2002.

Breathnófar in imleabhair an daonáirimh amach anseo ar anailís a dhéanamh ar an daonra de réir na dtréithe seo a leanas - déantús an lín tí, gnátháit chónaithe, gairm bheatha &rl.

## Clúdach an Daonáirimh

Baineann figiúirí an daonáirimh leis an daonra de facto, is é sin gur ionann an daonáireamh a chuireadh ar thaifead i ngach ceantar agus iomlán na ndaoine a bhí i láthair taobh istigh de limisteár an cheantair sin ar oíche Dé Domhnaigh, 28 Aibreán 2002, chomh maith leis na daoine ar fad a tháinig isteach sa cheantar sin maidin Dé Luain, 29 Aibreán 2002, nach raibh curtha san áireamh in aon áit eile. Tá daoine a bhí ar bhord loinge i gcalafoirt curtha san áireamh le daonáireamh na gceantar lena dtaobh. Mar sin tá cuairteoirí san áireamh sna figiúirí a bhí i láthair oíche an daonáirimh chomh maith leo siúd a raibh cónaí sa cheantar orthu, agus níl daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu sa cheantar ach a bhí as láthair go sealadach ar an oíche curtha san áireamh sa daonáireamh.

Bhí roinnt teoranta ceisteanna a bhaineann le tréithe deimeagrafacha curtha maidir le daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu i gceantar ach a bhí as láthair go sealadach óna líon tí oíche an daonáirimh. Is féidir pictiúr níos cruinne a fháil bunaithe ar fhreagraí na gceisteanna sin ar theaghlaigh agus ar líonta tí má chuirtear cuairteoirí a bhí i láthair oíche an daonáirimh as an áireamh agus má chuirtear daoine a bhfuil cónaí orthu ann ach a bhí as láthair go sealadach san áireamh.

## Stiúradh an Daonáirimh

Bhí foireann oibre sealadach fostaithe leis an áireamh a dhéanamh, ina measc bhí Cúigear Oifigeach Teagmhála Daonáirimh, 35 Maor Réigiúnda, 350 Maor sa Ghort agus tuairim agus 4,000 áiritheoirí páirtaimseartha. Cuireadh ceistiúcháin bhána an daonáirimh ar fáil do gach líon tí agus áitreabh comhchoiteann sa Stát sa cheithre sheachtain díreach roimh oíche an daonáirimh. Cuireadh tús leis na ceistiúcháin chomhlánaithe a bhailiú ar an Luan, 29 Aibreán. Rinne na háiritheoirí na ceistiúcháin a scrúdú agus iad dhá mbailiú le cinntiú go raibheadar comhlánaithe mar ba chóir, agus nuair a bhí gá leis, thugadar cúnamh don líon tí iad a chomhlánú.

## Cur le chéile na dtorthaí

Rinne gach áiritheoir achoimre an daonáirimh ina c(h)eantar féin a sheol sé/sí chuig an bPOS. Bhí réamhthorthaí daonáirimh 2002 bunaithe ar na hachoimrí sin. Cuireadh na ceistiúcháin chomhlánaithe ó na líonta tí ar aghaidh ansin chuig an bPOS le próiseáil.

Rinneadh scrúdú ar achoimrí an daonáirimh, liostaí d'áitribh chónaitheacha agus léarscáileanna na gceantar áireamh le cinntiú go raibheadar ag teacht le chéile agus baineadh úsáid astu le teorainneacha na mbailte daonáirimh agus imeallacha/ceantair mhágaurd na mbailte le teorainneacha dlíthiúla a dhéanamh amach. Ag an am céanna leanadh ar aghaidh le freagraí na gceisteanna ar an gceistiúchán daonáirimh a thógáil agus a phróiseáil.

## Foilseachán na dTorthaí

Tá an sceideal foilseacháin atá bearaithe leagtha síos in Aguisín 4. Na Príomhthorthaí Déimeagrafacha agus na Príomhthorthaí Socheacnamaíocha atá i gceist sa sceideal, is iad sin a sholáthraíonn príomhthorthaí an daonáirimh, go bunúsach ag leibhéal náisiúnta. Tá mionshonraí ar fáil i dtrí thuairisc déag ar ábhar faoi leith. Beidh na táblaí ar fad sna tuairiscí seo curtha ar fáil ar an suíomh idirlín atá ag an bPríomh Oifig Staidrimh (www.cso.ie) ag baint úsáide as an mbogábhar idirghníomhach Beyond 20/20. Tugann an bogábhar seo deis d'úsáideoirí an idirlín sonraí a roghnú agus a fheiceáil agus ansin na sonraí sin a íoschóipeáil chuig a ríomhairí féin.

## Tuilleadh eolais

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le:

Rannóg an Daonáirimh,
An Phríomhoifig Staidrimh,
Bóthar Átha Fhirdhia,
Rath Maonais,
Baile Átha Cliath 6

| | |
|---|---|
| Fón | (01) 498 4000 folíne. 4284-4288.<br>Glao Áitiúil 1890 313 414 |
| Facs | (01) 498 4268 |
| Ríomh-phost | census@cso.ie |
| Idirlíon | www.cso.ie |